Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall
*Donegal Education and Training Board*

# Beartas um Dhiúscairt Sócmhainní Seasta

Leagan 2

| Ainm an Bheartais: | Beartas um Dhiúscairt Sócmhainní Seasta |
|---|---|
| **Úinéir an Bheartais:** | **Airgeadas** |
| Baineann an beartas le: | ☒ Gach ball foirne<br>☐ Foireann FET<br>☐ Mic Léinn FET<br>☐ Foireann Teagaisc Iar-bhunscoile<br>☐ Mic Léinn Iar-bhunscoile<br>☐ Foireann Riaracháin/Airíochais/Cothabhála Iar-bhunscoile<br>☐ Foireann OSD<br>☐ Sonrach (tabhair le fios cén aonad eagraíochtúil, etc.) Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a chur isteach. |
| Faofa ag: | ☒ OSD — Dáta: 26/01/2024<br>☐ FET — Dáta: Cliceáil nó tapáil chun dáta a chur isteach.<br>☒ PF/Stiúrthóirí — Dáta: 29/01/2024<br>☒ Aontaithe ag an PF — Dáta: 20/02/2024 |
| Dáta Cur Chun Feidhme: | 29/01/2024 |
| Dáta an Athbhreithnithe: | Trí bliana tar éis cur i bhfeidhm |
| Beartas Dréachtaithe ag: | Airgeadas |
| Freagracht as athbhreithniú ar an Bheartas: | Airgeadas / Stiúrthóir OSD |
| Leagan agus Uimh. Thagartha an Doiciméid: | 2.0<br>DLETB/24/005 |
| Stair an Leasaithe: | Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a chur isteach. |
| An bhfuil na nithe seo a leanas san áireamh i do Bheartas: | ☒ Inrochtaineacht Gréasáin An Údaráis Náisiúnta Míchumais (ÚNM)<br>☒ Ráiteas Inrochtaineachta DETB<br>☒ Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine |
| Doiciméid Tagartha: | Cliceáil nó tapáil anseo chun téacs a chur isteach. |

# Beartas um Dhiúscairt Sócmhainní Seasta

## 1 CUSPÓIR

Is eagraíocht thrédhearcach é Bord Oideachais & Oiliúna (DETB) ar dócha go bhfaigheadh sé praghas cothrom a bhaineann leis an mhargadh agus sócmhainní á ndiúscairt aige, agus ba mhaith leis go mbeadh an dearcadh céanna ag an bpobal air fosta. Is é cuspóir na cáipéise seo ná beartas agus nós imeachta an ETB a leagan amach maidir le bainistíocht agus monatóireacht chuí a dhéanamh ar dhiúscairt shócmhainní an ETB.

## 2 SCÓIP

Ní bhaineann an beartas seo le diúscairt talún nó foirgneamh. Caithfidh ETB faomhadh an Aire Oideachais a fháil sula ndéanann sé talamh a dhiúscairt.

Maidir le gach diúscairt sócmhainní eile, ba cheart gurb é an chéad chéim ná luach an earra/na n-earraí atá le diúscairt a mheas agus ba cheart an fhoirm in Aguisín C a chomhlánú.

Ba cheart don Phríomhoide/do Bhainisteoir an Ionaid an Fhoirm in Aguisín C a chomhlánú agus a fhaomhadh de réir na dtairseach sa tábla thíos:

0 - 1,000 - Ceannasaí Airgeadais
1,001 - 5,000 - Stiúrthóir OSD
> 5,001 - Príomhfheidhmeannach

## 3 BEARTAS

Is é beartas DETB cloí leis an ***gCód Cleachtais um Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna*** agus sócmhainní á ndiúscairt aige, i gcás go bhfuil na sócmhainní sin sa bhreis ar riachtanais oideachais ghinearálta. Ba cheart ceant nó próiseas tairisceana iomaíoch a reáchtáil, seachas i gcúinsí eisceachtúla (amhail earra a dhíol nó a dhiúscairt le comhlacht carthanachta). Ba cheart go n-úsáidfí modh trédhearcach, a bhfuil dóchúlacht ann go mbainfidh sé amach praghas cothrom a bhaineann leis an mhargadh. Ba cheart luach cúlchiste na sócmhainne atáthar á diúscairt a shocrú, más gá agus más indéanta, bunaithe ar luacháil ghairmiúil. Féach Aguisín A don mhír um Chód Rialachais maidir le diúscairt sócmhainní.

## 4 SAINMHÍNITHE

Chun críocha an bheartais seo, is ionann **sócmhainní seasta inláimhsithe** agus sócmhainní a bhfuil substaint fhisiceach acu agus a choinnítear lena n-úsáid chun earraí nó seirbhísí a tháirgeadh nó

a sholáthar, chun a bheith ligthe ar cíos do dhaoine eile, nó chun críoch riaracháin ar bhonn leanúnach i dtaca le gníomhaíochtaí DETB. Ciallaíonn sé sin gur sócmhainn í sócmhainn sheasta atá beartaithe lena húsáid ar bhonn leanúnach, seachas sócmhainn shealadach ghearrthéarmach.[1] Déantar sócmhainní seasta a rangú faoi na príomhchatagóirí seo a leanas agus meastachán dímheasa in éineacht leo [2]

| | |
|---|---|
| o Trealamh Ríomhaireachta | 3 bliana |
| o Trealamh – eile (daingneáin agus feistis san áireamh) | 5 bliana |
| o Mótarfheithicil | 5 bliana |
| o Gléasra & innealra | 10 mbliana |

# 5 NÓS IMEACHTA UM DHIÚSCAIRT SÓCMHAINNÍ

Ag deireadh an stocáirimh, ar chríochnú tionscadail caipitil, nó de réir mar is gá, déanfaidh an Príomhoide/Bainisteoir Ionaid & Stocáiritheoir Neamhspleách (duine atá freagrach as Stoc) liosta comhaontaithe de na sócmhainní Barrachais agus As Feidhm atá le diúscairt go léir a dheimhniú agus a chur faoi bhráid an Phríomhfheidhmeannaigh lena bhfaomhadh (féach Aguisín C mar shampla). I gcúinsí áirithe d'fhéadfadh go mbeadh faomhadh an Bhoird de dhíth roimh ré fosta (Féach mír 25.3 d'Aguisín A thíos). Agus faomhadh faighte ón Phríomhfheidhmeannach, rachaidh an Príomhoide/Bainisteoir Ionaid ar aghaidh leis an diúscairt ag cinntiú na nithe seo a leanas:


- Go mbaintear gach eolas pearsanta de threalamh / de throscán agus go gcomhlíontar an Reachtaíocht um Chosaint Sonraí
- Go gcomhlíontar comhaontuithe Ceadúnais, Paitinne, Dlíthiúla etc. (e.g. Ceadúnais Bhogearraí)
- Go gcomhlíontar ceanglais Sláinte & Sábháilteachta
- Go mbaintear tagairtí uathúla scoile.
- Ba cheart diúscairtí os cionn €10,000 a chur in iúl d'Árachóir ETB. Do dhiúscairtí idir €1,000-€10,000, glacfaidh an ETB cinneadh ar cheart an diúscairt a chur in iúl don Árachóir ETB.
- Ba cheart aon choimhlint leasa a fhógairt agus ba cheart don duine ábhartha é/í féin a bhaint den phróiseas
- Ní mór go gcloífidh aon diúscairt trealaimh leictrigh leis na Treoracha DTLL (WEEE) ábhartha [3]
- **Déanfar diúscairt trí earraí a aistriú, a dhíol, a bhronnadh nó a scrapáil san ord sin[4]**

[1] Is gnách gur sócmhainn shealadach ghearrthéarmach í sócmhainn atá beartaithe lena húsáid ar feadh níos lú ná bliain amháin

[2] Féach Aguisín B faoi choinne sampla de dhíluacháil Sócmhainne

[3] Tá treoir do chomhlachtaí poiblí ar fáil ag http://www.epa.ie/pubs/advice/waste/weee/

[4] Feistí Ríomhaireachta: Tá treoir ar dhiúscairt trealaimh TF ar fáil ag: https://www.dataprotection.ie/sites/default/files/uploads/2020-04/Data_Security_Guidance_Feb20.pdf




## 5.1 AISTRIGH

- Cuirfear na liostaí faofa d'earraí atá fóirsteanach lena n-aistriú ar aghaidh chuig scoileanna / ionaid eile nó, más ábhartha, chuig rannóga eile laistigh den ETB agus luafar am agus dáta deiridh chun iarrata(i)s a chur isteach. Ba cheart aon tograí den sórt sin a chur ar aghaidh chuig an Cheannasaí Airgeadais ar dtús.
- Aistriú le déanamh de réir na gcomhaontuithe a rinneadh idir scoileanna / ionaid agus le faomhadh de réir na dtairseach atá leagtha amach i Mír 2.
- Ceal comhaontaithe idir Scoil(eanna)/Iona(i)d ba cheart dul i gcomhairle le Seirbhísí Corparáideacha - Rannóg na bhFoirgneamh le socrú cén dóigh ar cheart an t-aistriú a chur i gcrích.
- Nuair nach bhfuil comhaontú ann maidir le haistriú trealaimh/troscáin go dtí ionad amháin nó níos mó is faoin Phríomhfheidhmeannach atá an cinneadh deireanach nó a t(h)oscaire).
- Déanfar Stoc Leabhair/ Clár Sócmhainní a uasdátú chun aistrithe isteach agus amach a léiriú.

## 5.2 DÍOL

Ba cheart luach cúlchiste na n-earraí uilig atá le díol a chinneadh, nuair is praiticiúil agus le cead an Cheannasaí Airgeadais agus an Stiúrthóra OSD, agus aird ar Scóip feidhme mhír 2 thuas, ar bhonn luacháil a dhéanfaidh luachálaí gairmiúil agus é a chur isteach mar aon le sonraí faoi Threalamh/Troscán atá le Diúscairt (díol) chuig an PF (nó chuig a t(h)oscaire). Is féidir earraí as feidhm a dhíol trí cheann de na modhanna seo a leanas:

a) Taispeáin sonraí na n-earraí atá ar díol sa scoil/ionad agus luaigh iad i nuachtlitreacha do theaghlaigh atá ag freastal ar an scoil agus ar an ionad
b) Fógra sa pháipéar áitiúil a dhéanann an scoil/ionad i gcomhairle leis an Cheannasaí Airgeadais a eagrú (ba chóir an rogha seo i gcónaí a ghlacadh maidir le hearraí aonair a bhfuiltear ag súil go

mbeidh luach diúscartha os cionn €1,000 acu nó nuair a mheastar go mbeidh iomlán na ndiúscairtí níos mó ná €2,000).

c) Ba cheart smaoineamh faoi Cheant Poiblí nó ardán ar líne (e.g. eBay, Done Deal etc.), más níos fóirsteanaí agus níos cost-éifeachtúla é.

Baineann na rialacha seo a leanas le (b) agus (c): -

- Ba cheart tairiscintí le ceannach a iarraidh i scríbhinn agus am agus dáta deiridh a bheith luaite.
- Ba cheart dátstampa a chur ar thairiscintí nuair a fhaightear iad.
- Mura nglactar leis an tairiscint is airde, ba cheart míniú scríofa a chur faoi bhráid an PF (nó a t(h)oscaire) lena fhaomhadh.

Beidh an modh díola atá le haontú idir an Príomhfheidhmeannach (nó an Toscaire) agus an Príomhoide/ Bainisteoir Ionaid ag brath ar líon agus luach na n-earraí atá le díol. Ba cheart don cheannaitheoir agus don Phríomhoide/ Bhainisteoir Ionaid foirm Aitheantais/Conradh i gcomhair Díolacháin (féach Aguisín D) a chomhlánú agus a shíniú thar ceann na scoile/ionaid roimh aistriú earraí.

Déanfar an íocaíocht i bhfabhar ETB Dhún na nGall, eiseofar admháil oifigiúil don mhéid a fuarthas & cuirfear lóisteálacha i gcuntas an Bhoird gan mhoill. Cuirfear achoimre ar lóisteálacha, uimhir thagartha/ uimhreacha tagartha & admhálacha a eisíodh faoi bhráid na Rannóige Airgeadais, díreach i ndiaidh lóisteála. Uasdátófar Stocleabhair/ clár Sócmhainní chun gach díolachán a léiriú le hAinm an cheannaitheora, dáta bailithe & uimhir admhála le taifeadadh.

## 5.3 BRONN

Is féidir earraí trealaimh a bhronnadh saor in aisce ar institiúidí/ eagraíochtaí etc. a bhainfidh úsáid astu faoi choinne oiliúna/ oideachais. Má úsáidtear an modh diúscartha seo, is gá iarraidh ar an chomhlacht fála a dheimhniú i scríbhinn go bhfuair sé an t-earra/na hearraí atá i gceist saor in aisce ón DETB agus go bhfuil úinéireacht na sócmhainne aistrithe ag an ETB, na costais agus na dliteanais ghaolmhara uilig san áireamh. Féach Aguisín E le haghaidh teimpléid samplaigh.

## 5.4 SCRAPÁIL

Murar féidir barrachas trealaimh / troscáin a dhiúscairt trí Aistriú, Díol nó Bronn agus má mheastar é a bheith as feidhm, ba chóir socruithe a dhéanamh le go scriosfaidh an scoil/ionad é i gcomhairle le Ceannasaí Seirbhísí Corparáideacha - Rannóg na bhFoirgneamh.

- Tabharfar aird ar riachtanais an údaráis áitiúil.
- Maidir le trealamh leictreach & leictreonach a ceannaíodh i ndiaidh Lúnasa 2005, ba cheart iarraidh ar an soláthraí an trealamh sin a bhailiú.
- Déanfar Stoc Leabhair/ clár Sócmhainní a uasdátú chun na hearraí ar fad a scrapáladh a léiriú. Ba cheart dáta & modh a thaifeadadh.

# 6 TAIFID

Cuirfear liosta diúscairtí, lena léirítear modh & fáltais faoi bhráid na Rannóige Airgeadais de réir Chlár Diúscairtí an Ionaid (Aguisín F). Deimhneoidh Príomhoide/Bainisteoir an Ionaid Clár Diúscairtí an Ionaid chun comhlíonadh na nósanna imeachta seo a dhearbhú agus cuirfear ar aghaidh chuig an Rannóg Airgeadais é agus déanfaidh siadsan gach foirm a stóráil i bhfillteán lárnach. Beidh an clár ar fáil lena iniúchadh má iarrann an Bord, iniúchóirí etc. é. Coinneofar taifid/doiciméid a thacaíonn leis an diúscairt ar feadh 7 mbliana.

# 7 CUR I BHFEIDHM & ATHBHREITHNIÚ

Déanfaidh an Fhoireann Shinsearach Bainistíochta athbhreithniú ar an bheartas seo trí uair gach bliain, ag teacht leis an chleachtas is fearr, nó i bhfianaise athruithe sa reachtaíocht agus treoir ó fhoinsí amhail Iniúchadh Inmheánach, an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, na Ranna Oideachais, Breisoideachais agus Ardoideachais, agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Is é 29/01/2024 an dáta chur chun feidhme agus is é sin an dáta a thug an Príomhfheidhmeannach / Fóram Stiúrthóirí Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall faomhadh.

# AGUISÍN A: CÓD CLEACHTAIS UM RIALÁIL ETBANNA (SLIOCHT)

**Mír 25: Diúscairt Sócmhainní Stáit agus Rochtain ag Tríú Páirtithe ar Shócmhainní**

25.1 Caithfidh an ETB faomhadh an Aire Oideachais agus Scileanna a lorg sula ndiúscraítear talamh.

25.2 Tá ar gach ETB na forálacha agus na nósanna imeachta reachtúla a chomhlíonadh, mar atá leagtha amach i gCiorcláin ábhartha na Roinne, maidir le diúscairt sócmhainní nó rochtain ar réadmhaoin a cheadú nó ar infreastruchtúr faoi choinne socruithe tráchtála. Chun sócmhainní a dhiúscairt, sa chás go bhfuil na sócmhainní sin sa bhreis ar riachtanais ghinearálta oideachais, ba cheart ceant nó próiseas tairisceana iomaíoch a reáchtáil, seachas i gcúinsí eisceachtúla (amhail earra a dhíol le comhlacht carthanachta). Ba cheart go n-úsáidfí modh trédhearcach, a bhfuil dóchúlacht ann go mbainfidh sé amach praghas cothrom a bhaineann leis an mhargadh. Ba cheart cinneadh a dhéanamh ar luach cúlchiste na sócmhainne atá á diúscairt ar bhonn luacháil ghairmiúil, a dhéanann an Oifig Luachála de ghnáth, agus ba cheart dó a bheith taifeadta roimh ré i dtaifid an ETB.

Comhlíonadh na gCeanglas Ceant nó Tairisceana

25.3 Má eagraítear ceant nó próiseas tairisceana iomaíoch agus murab é an tairiscint is airde an tairiscint a nglactar léi, tá sé ríthábhachtach go bhfaighfear faomhadh sonrach ón mBord sula ndéantar an tsócmhainn a dhiúscairt nó sular féidir ceadú rochtana ar réadmhaoin nó infreastruchtúr le haghaidh socruithe tráchtála le tríú páirtithe a thabhairt chun críche. Ar chúiseanna trédhearcachta, ba cheart faomhadh dá leithéid mar aon leis an fháth ar ceadaíodh glacadh le tairiscint níos ísle a thaifeadadh i miontuairiscí an ETB.

25.4 I gcásanna eisceachtúla, nuair nach n-úsáidtear ceant nó próiseas tairisceana iomaíoch, tá gá le faomhadh sonrach an Bhoird sula gcuirtear tús le hidirbheartaíochtaí agus fosta sula ndéantar an tsócmhainn a dhiúscairt nó sula ndeonaítear rochtain ar réadmhaoin nó ar infreastruchtúr le haghaidh socruithe comhfhiontair tráchtála le tríú páirtithe a chur i gcrích.

25.5 Níor cheart aon diúscairt sócmhainne nó faomhadh rochtana ar réadmhaoin nó ar infreastruchtúr le haghaidh socruithe tráchtála le tríú páirtithe a thabhairt chun críche go dtí go bhfuil an t-oifigeach atá i gceannas ar údarú na diúscartha nó faomhadh na rochtana tar éis a dheimhniú go foirmeálta go bhfuil faomhadh sonrach an Bhoird faighte, áit a dteastaíonn sé.

<u>Baill agus a dTeaghlaigh</u>

25.6 De réir an chleachtais is fearr, ba cheart go ndéanfaí diúscairt sócmhainní chuig baill ETBanna, baill foirne nó a dteaghlaigh nó daoine bainteacha (féach mír 9.2), mar atá i gcás gach diúscartha, ar mhodh trédhearcach agus ar phraghas cothrom a bhaineann leis an mhargadh. Ba cheart cinneadh a dhéanamh ar luach na sócmhainne atá á diúscairt bunaithe ar luacháil ghairmiúil, a dhéanann an Oifig Luachála de ghnáth, agus ba cheart dó a bheith taifeadta roimh ré i dtaifid an ETB. Sa chás go bhfuil an Bord ag smaointiú ar mholadh maidir le haon diúscairt den sórt sin, ba cheart don bhall ETB atá bainteach leis an cheannach féideartha é nó í féin a bhaint de mhachnaimh an Bhoird ar an cheist. Ba cheart taifead ar gach diúscairt dá leithéid chuig daoine den sórt sin (lena n-áirítear sonraí na sócmhainne a diúscraíodh, an praghas a íocadh aisti agus ainm an cheannaitheora) a scríobh i gclár a choimeádtar ar mhaithe leis seo. Ba cheart go mbeadh an clár seo ar fáil lena iniúchadh, má iarrann an Bord nó ball ar bith é. Thiocfadh leis an Bhord a rá gur chóir go ndéanfadh an Bord aon diúscairt os cionn na tairsí faofa a fhormhuiniú go foirmeálta, agus thiocfadh leis seo srianta sonracha a chur i bhfeidhm maidir le haon diúscairt den chineál sin.

25.7 Sa tuarascáil bhliantúil don Aire Oideachais agus Scileanna (féach mír 19.1), ba chóir don Chathaoirleach a dhearbhú gur comhlíonadh nósanna imeachta diúscartha, mar a leagtar amach thuas.

# AGUISÍN B: SAMPLA DE DHÍLUACHÁIL SÓCMHAINNE

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Díol:** | PC as feidhm | | |
| **Díluacháil:** | Dímheas de réir Mhodh an Mhéid Chothroim Thar 4 Bliana (25%) | | |
| **Uimhir Sócmhainne:** | 1234567890 | | |
| **Cur Síos:** | Ríomhaire Glúine Dell | | |
| **Uimhir Mhúnla:** | 0987654321 | | |
| **Sraithuimhir:** | XXXXXX | | |
| **Dáta Ceannaigh:** | 1 Eanáir 2013 (€600) | | |
| **Dáta an Díola:** | 30 Meitheamh 2016 | | |
| **Bliain** | **Costas/Luach Díluachála** | **Dímheas** | **Glanluach de réir na Leabhar** |
| | | | |
| 2013 | 600 | 150 | 450 |
| | | | |
| 2014 | 450 | 150 | 300 |
| | | | |
| 2015 | 300 | 150 | 150 |
| | | | |
| 2016 | 150 | 75 | 75 |
| **Ceannaithe ag:** | | | |
| **Dáta:** | | | |
| **Uimhir admhála:** | | | |

# AGUISÍN C: SONRAÍ TREALAIMH/ TROSCÁIN ATÁ LE DIÚSCAIRT (SAMPLA)

**Bliain Dar Críoch_________** **Scoil / Ionad___________**

| **Sonraí** | **Tagairt Stocleabhair** | **Sraithuimhir / Tagairt Eile** | **Bliain & Costas an Cheannaigh** | **Measta Luach** | **Tagairtí** |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

Sínithe ______________ Dáta ________ Sínithe ______________ Dáta _________

Príomhoide/Bainisteoir Ionaid

Ceadaitheoir deimhnithe de réir na

dtairseach a leagtar amach i Mír 2 den bheartas

# AGUISÍN D: CONRADH LE DÍOL (SAMPLA)

Tá an meaisín/innealra/trealamh/troscán a bhfuil cur síos air thíos á thairiscint ar díol ag (ainm na scoile) de réir na dtéarmaí seo a leanas:

- Tá an céanna ar díol 'sa riocht ina bhfuil sé' agus ar an bhonn go ndearna an ceannaitheoir iniúchadh air roimh ré.
- Tá an céanna ar díol le fabhtanna nó gan iad (nó feistí sábháilteachta mar a éilítear do réir reachta) agus gan aon bharántaí nó ráthaíochtaí (sainráite nó intuigthe) ar thaobh an díoltóra maidir lena fheidhmiúlacht, éifeachtacht, sábháilteacht úsáide, cáilíocht indíoltachta nó oiriúnacht don fheidhm de réir bhrí an Achta um Dhíol Earraí 1893, agus an Achta um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí 1980.
- Ní ghníomhaíonn an díoltóir le linn a chúrsaí ghnó de réir bhrí an Achta um Dhíol Earraí 1893 agus an Achta um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí 1980.
- Ní ghlacann an díoltóir dliteanas ar bith as aon chaillteanais nó damáiste, cibé dóigh a rinne nó a thabhaigh an ceannaitheoir nó aon duine eile é, mar thoradh ar úsáid na n-earraí ag an duine sin.

(Cur síos déanta ar an Meaisín/Innealra/Trealamh/Troscán)

Leis seo, aontaím (ainm an cheannaitheora) na hearraí thuasluaite a cheannach faoi na téarmaí atá leagtha amach thuas agus dearbhaím an méid seo a leanas leis seo fosta:

1. Rinne mé iniúchadh ar na hearraí sular shínigh mé an Conradh seo agus tá mé sásta le bail agus deisriocht reatha na n-earraí.

2. Admhaím nach bhfuil mé ag déileáil mar thomhaltóir de réir bhrí an Achta um Dhíol Earraí 1893, an Achta um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí 1980 agus an Achta um Chosaint Tomhaltóirí 2007.

Sínithe: ______________________ Dáta _________________

(don Scoil/Ionad)

Sínithe: ______________________ Dáta _________________

(don cheannaitheoir)

# AGUISÍN E: DEIMHNIÚ TABHARTAIS (SAMPLA)[5]

Is féidir liom a dhearbhú go bhfuair __________________(ainm na heagraíochta / na hinstitiúide fála) an trealamh seo a leanas saor in aisce ó Bhord Oideachais & Oiliúna Dhún na nGall le húsáid in oiliúint/oideachas:

| Liosta/ Cur síos ar an trealamh: |
| --- |
| |

Admhaím aistriú úinéireachta na sócmhainne/na sócmhainní lena n-áirítear na costais agus na dliteanais ghaolmhara go léir ón ETB chuig an Chomhlacht fála

| | |
| --- | --- |
| Comhlacht Fála: | Príomhoide/ Bainisteoir ETB: |
| Síniú an Chomhlachta Fála: | Síniú: |
| Dáta: | Dáta: |

[5] Le comhlánú ag an chomhlacht Fála

## AGUISÍN F: IONAD CLÁIR DIÚSCAIRTÍ TREALAIMH/ TROSCÁIN (SAMPLA)

**Bliain Dar Críoch_________ Scoil / Ionad_________**

| Sonraí | Tagairt Stocleabhair | Sraithuimhir/ Tagairt Eile | Bliain & Costas an Cheannaigh | Modh Diúscartha | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Aistrigh chuig | Díol (Ainm an Cheannaitheora, Luach, F/L) | Bronn ar | Scrapáil (Modh) |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |

Deimhním go ndearnadh diúscairtí de réir nósanna imeachta ceadaithe an ETB agus go bhfuil na stocleabhair cothrom le dáta.

Sínithe ________________ Dáta __________

Príomhoide/Bainisteoir Ionaid